LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# Bóthar Ráth Tó

## Scéim Eatramhach

## BILEOG EOLAIS

## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

4.1km


1 Forbhreathnú ar an Tionscadal
2 Buntáistí na scéime
3 An gá atá leis an scéim
4 Príomhghnéithe
5 Cur Isteach Beag ar Thrácht le linn Suiteála
6 Conas Teagmháil a dhéanamh linn


## 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Gréasán Taistil Gníomhaigh a sheachadadh trí shraith tionscadail bonneagair sna naoi mbliana atá amach romhainn. Fásfaidh an Gréasán Taistil Gníomhaigh ón 10km atá ann faoi láthair go gréasán nasctha 310km trasna na cathrach. Cuirfidh sé seo Gréasán Taistil Gníomhaigh atá níos sábháilte, cuimsithí agus nasctha ar fáil atá inbhuanaithe. Tógfaidh sé roinnt ama na tionscadail seo a phleanáil agus a dhearadh. Idir an dá linn, tá sé beartaithe scéimeanna eatramhacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar na bealaí seo nuair is féidir.

Tá Scéim Siúil agus Rothaíochta Bhóthar Ráth Tó aitheanta mar bhealach oiriúnach do bhearta Eatramhacha. Soláthróidh an Scéim 4.1km de chosáin rothar chosanta agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a nascann Bóthar na hUaimhe le Bóthar Cheapaí via Bóthar Ráth Tó. Chomh maith leis sin beidh cosán rothar roinnte feadh Bhóthar Chill Sheáin agus Céide Chill Sheáin ag nascadh siar le Bóthar Ráth Tó.




Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040
NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 2 CAD IAD BUNTÁISTÍ NA SCÉIME?

- Áiseanna rothaíochta ar ardchaighdeán agus cosanta a chur ar fáil chun freastal ar gach aois agus ar gach cumas d'fhonn éileamh reatha agus éileamh amach anseo a chur san áireamh
- Éascaíonn sí stíl mhaireachtála níos gníomhaí do gach aois, rud a thugann buntáistí iomadúla don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach
- Rannchuidiú le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí aistriú módach chuig úsáid taistil ghníomhach a spreagadh

## 3 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Naisc chuig go leor ionad oideachais feadh an bhealaigh a fheabhsú lena n-áirítear; Coláiste San Doiminic, Coláiste Dhéagláin, Scoil Shinsearach Chaitríona, Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Pheiléid agus Scoil Náisiúnta Fhionnáin
- Nasc a chur ar fáil maidir le scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo;
  - Baile Bhlainséir go dtí Lár na Cathrach Busconnects Bealach 5
  - Scéim Siúil agus Rothaíochta Chnocán Uí Dhálaigh go dtí an Chabrach
  - Scéim Siúil agus Rothaíochta Ghlasbhealach na Canálach Ríoga
  - Glasbhealach na Tulchann
- Saoráidí siúil & rothaíochta a fheabhsú do na pobail áitiúla

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE

**Bóthar Ráth Tó: Bóthar na hUaimhe go Lána Bhaile Scriobail**
Athrófar an bóthar ó Ráth Tó chuig acomhal Bhóthar na hUaimhe, rud a laghdóidh na lánaí iontrála ó dheas ó phéire go ceann. Beidh rianta rothar ar dhá thaobh an bhóthair le leithead 1.5m. Is trí cholbhaí agus mullaird solúbtha a dhéanfar an leithscaradh solais ar Bhóthar Ráth Tó a scarfaidh rothaithe ón trácht. Bainfear páirceáil neamhrialaithe ar an tsráid ar an taobh thoir de Bhóthar Ráth Tó idir Bóthar Dhroim Chliabh agus Bóthar an Fhásaigh.

---

**Bóthar Ráth Tó: Lána Bhaile Scriobail go Bóthar Ráth Bhile/Bóthar na Coille Thiar**
Ó Lána Bhaile Scriobail ó thuaidh, beidh raon rothar easbhóthair nua ar dhá thaobh an bhóthair le leithead 1.5m. Cuimseoidh an rian rothar easbhóthair ó thuaidh cosán nua do choisithe agus ciumhais féir a scarann rothaithe ó thrácht.

**Bóthar Ráth Tó: Bóthar Ráth Bhile go hAscaill Ráth Tó**

Ó Bhóthar Ráth Bhile ó thuaidh, beidh rian rothar easbhóthair nua dhá threo 3m ar leithead ar an taobh thoir de Bhóthar Ráth Tó. Aistreoidh an raon rothar go "ciúinbhealach" feadh Bhóthar Chill Sheáin agus Chéide Chill Sheáin. Is bealach siúil agus rothaíochta é an ciúinbhealach amach ón bpríomhbhóthar ina meascann daoine atá ag rothaíocht le tiománaithe, ar bhóthar íseal tráchta agus íseal-luais. Fillfidh an ciúinbhealach ar bhóthar Ráth Tó trí rian rothar easbhóthair gearr dhá threo ag Ascaill Ráth Tó. Tabharfar isteach crosaire cláir ardaithe nua ag Céide Chill Sheáin agus Ascaill Ráth Tó. Chomh maith leis sin, beidh cosán nua ar an taobh thiar de Bhóthar Ráth Tó ón acomhal le Bóthar na Coille Thiar ó Thuaidh go Lána Dhún Sinche.

**Bóthar Ráth Tó agus Bóthar Cheapaí: Ascaill Ráth Tó i bPáirc Avila**

Ar an gcuid dheireanach den scéim, beidh rianta rothar nua ar an dá thaobh den bhóthar le leithead 1.5m. Is trí cholbhaí agus mullaird solúbtha a dhéanfar an leithscaradh solais ar Bhóthar Ráth Tó agus ar Bhóthar Cheapaí a scarfaidh rothaithe ón trácht. Beidh mionathruithe colbha ann chun freastal ar lánaí rothar ar Bhóthar na Ceapaí. Tiocfaidh deireadh leis an scéim ar Bhóthar na Ceapaí ag Páirc Avila.



# TRASGHEARRADH TÁSCACH



# 5 CUR ISTEACH BEAG AR THRÁCHT LE LINN SUITEÁLA

Meastar go gcuirfear tús leis na hoibreacha suiteála ar an scéim seo go luath in 2023. D'fhonn an scéim seo a sheachadadh, beidh cur isteach sealadach beag ar thrácht chuig an gceantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir, iarracht é seo a íoslaghdú a oiread agus is féidir.






# 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Bóithre Ráth Tó féach ar an láithreán gréasáin le do thoil.

Is féidir aon ráitis/tuairimí atá agat ar an scéim eatramhach a chur isteach tríd an láithreán gréasáin, seoladh ríomhphoist nó seoladh poist atá liostaithe thíos:

https://consultation.dublincity.ie/ (Sínigh an cód QR le do thoil)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Scéim Eatramhach Bhóthar Ráth Tó

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

Tá cruachóip de na líníochtaí uile, ar fáil le breathnú orthu, le linn na tréimhse comhairliúcháin i Leabharlann na Cabraí, Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath 7, D07 AYW1.